

# Iris Oifigiúil

## an Aontais Eorpaigh

# L 29



An t-eagrán Gaeilge

### Reachtaíocht

Imleabhar 66

1 Feabhra 2023

Clár

#### II Gníomhartha neamhrechtacha

#### RIALACHÁIN

- ★ Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/206 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeán theicniúla rialála lena sonraítear na cineálacha fachtóirí atá le cur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na n-ualaí priacail le haghaidh risíochtaí a urraítear le maoin dhochorraithe agus na coinníollacha atá le cur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht luachanna íosta an chaillteanais i gcás mainneachtana le haghaidh risíochtaí a urraítear le maoin dhochorraithe <sup>(1)</sup> ..... 1
- ★ Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/207 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le samhail an deimhnithe lena bhfianaítear comhlíonadh na rialacha maidir le táirgeadh orgánach <sup>(1)</sup> ..... 6
- ★ Rialachán (AE) 2023/208 ón gCoimisiún an 27 Eanáir 2023 lena mbunaítear iamh iascaigh le haghaidh ghliomaigh na hIorua in Aonad feidhmiúil 16 d'fholimistéar 7 ICES le haghaidh soithí a bhfuil bratach na hÉireann ar foluain acu ..... 11
- ★ Rialachán (AE) 2023/209 ón gCoimisiún an 27 Eanáir 2023 lena mbunaítear iamh iascaigh le haghaidh sciataí agus roc i limistéar 7d i gcás soithí a bhfuil bratach na Beilge ar foluain acu ..... 14
- ★ Rialachán (AE) 2023/210 ón gCoimisiún an 27 Eanáir 2023 lena mbunaítear iamh iascaigh le haghaidh trosc in uiscí na hIorua in 1 agus 2 i gcás soithí faoi bhratach Bhallstáit den Aontas Eorpach ..... 17

#### CINNÍ

- ★ Cinneadh (AE) 2023/211 ón gComhairle an 23 Eanáir 2023 lena gceaptar beirt chomhaltaí mhalartacha, arna moladh ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, de Choiste na Réigiún ..... 20

<sup>(1)</sup> Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

# GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na gníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.



## II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

## RIALACHÁIN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/206 ÓN gCOIMISIÚN

an 5 Deireadh Fómhair 2022

**Iena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na cineálacha fachtóirí atá le cur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na n-ualaí priacail le haghaidh risíochtaí a urraítear le maoin dhochorraithe agus na coinníollacha atá le cur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht luachanna íosta an chaillteanais i gcás mainneachtana le haghaidh risíochtaí a urraítear le maoin dhochorraithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 124(4), an tríú fómhír, agus Airteagal 164(8), an tríú fómhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tugtar aghaidh in Airteagal 124(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ar thaobh amháin, ar an measúnú ar oiriúnacht na n-ualaí priacail le haghaidh risíochtaí a urraítear le morgáistí ar mhaoín chónaithe agus ar mhaoín tráchtála dhochorraithe. Ar an taobh eile, tugtar aghaidh in Airteagal 164(6), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ar an measúnú ar oiriúnacht luachanna íosta an chaillteanais i gcás mainneachtana ('LGD') le haghaidh risíochtaí a urraítear le morgáistí ar mhaoín chónaithe nó ar mhaoín tráchtála dhochorraithe. Dá bhrí sin, baineann an dá fhoráil le calabrú na bparaiméadar le haghaidh risíochtaí a urraítear le maoin dhochorraithe. Is iomchuí, dá bhrí sin, go sonrú ar bhealach comhleánach na cineálacha fachtóirí atá le cur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na n-ualaí riosca sin agus na coinníollacha atá le cur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na luachanna íosta LGD sin.
- (2) Agus na fachtóirí agus na coinníollacha sin á sonrú, is gá comhréireacht a áirithiú agus ilchineálacht na margaí maoin dhochorraithe ar fud na mBallstát a chur san áireamh, agus an tráth céanna creat atá comhchuíbhithe go leormhaith a leagan amach chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na n-ualaí priacail agus ar na luachanna íosta LGD le haghaidh risíochtaí a urraítear le morgáistí ar mhaoín dhochorraithe. Chuige sin, ba cheart cur chuige a oireann do gach cás a sheachaint.
- (3) Agus an caillteanas ionchasach á shonrú chun oiriúnacht na n-ualaí priacail a chinneadh, ba cheart breithniú a dhéanamh ar roinnt tosca a thugann léargas ar fhorbairtí réamhbhreathnaitheacha sa mhargadh, lena n-áirítear saintréithe struchtúracha margaí maoin dhochorraithe san am a chuaigh thart agus san am i láthair agus sainiúlachtaí náisiúnta a bhaineann le maoiniú réadmhaoine.

<sup>(1)</sup> IO L 176, 27.6.2013, lch. 1.

- (4) I bhfianaise ábharthacht eacnamaíoch margaí réadmhaoine do na Ballstáit, ba cheart foinsí priacail shistéamaigh, seachas cora chun donais eacnamaíocha agus priacail neamhghnácha amháin, a chur san áireamh agus na coinníollacha maidir le measúnú a dhéanamh ar na luachanna íosta LGD á sonrú. Agus na coinníollacha maidir le measúnú a dhéanamh ar luachanna íosta LGD á gcur san áireamh, ba cheart roinnt coinníollacha a mheas a bhaineann le foinsí priacail shistéamaigh a dhéanann difear d'fhorbairtí réamhbhreathnaitheacha sa mhargadh maoin, ina measc cé acu a bhaineann nó nach mbaineann míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha le cor chun donais, cé acu atá nó nach bhfuil bearta macrastuamachta eile i bhfeidhm, agus sainiúlachtaí náisiúnta a bhaineann le margaí maoin dochorraithe agus le maoiniú na margaí sin.
- (5) Thairis sin, i bhfianaise na ndifriochtaí móra idir margaí réadmhaoine na mBallstát, ba cheart na sainiúlachtaí a bhaineann go heisiach le margadh náisiúnta réadmhaoine agus le maoiniú an mhargaidh sin a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar oiriúnacht na n-ualaí priacail le haghaidh risíochtaí a urraítear le maoin dhochorraithe, agus oiriúnacht luachanna íosta an chaillteanais i gcás mainneachtana le haghaidh na risíochtaí sin.
- (6) Le hAirteagal 124(2) agus Airteagal 164(6), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, déantar foráil maidir le measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na n-ualaí priacail nó na luachanna íosta LGD i ndáil le deighleog mhaoine amháin nó níos mó nó maidir le cuid amháin nó níos mó de chríoch Ballstáit. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh go bhféadfar na cineálacha fachtóirí nó na coinníollacha chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na n-ualaí priacail nó na luachanna íosta LGD a chur i bhfeidhm maidir le deighleog mhaoine amháin nó níos mó nó maidir le cuid amháin nó níos mó de chríoch Ballstáit. D'fhéadfadh sé, áfach, nach mbeadh na sonraí a bhailítear trí bhithin tuairisciú comhchuibhithe san Aontas mionsonraithe go leor chun gur féidir measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na n-ualaí priacail nó na luachanna íosta LGD ar leibhéal na deighleoge maoin sin nó ar leibhéal cuid de chríoch Ballstáit. I gcásanna den chineál sin, ba cheart do na húdaráis arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 124(1a) agus Airteagal 164(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a bheith in ann foinsí breise sonraí a úsáid le haghaidh na measúnuithe sin.
- (7) Ós rud é go dtugtar aghaidh in Airteagail 124 agus 164 araon de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ar na measúnuithe ar oiriúnacht na bparaiméadar ionchuir chun ceanglais cistí dílse a chinneadh le haghaidh cineálacha risíochtaí a urraítear le maoin dhochorraithe, is gá comhleanúnachas a áirithiú idir an dá mheasúnú. Is iomchuí, dá bhrí sin, an dá shraith de na caighdeáin theicniúla rialála ábhartha a cheanglaítear leis na hAirteagail sin a chur in aon Rialachán amháin.
- (8) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag an Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE).
- (9) Rinne ÚBE comhairliúchán poiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a mbunaítear an Rialachán seo, rinne sé anailís ar na costais agus ar na sochair a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo, agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhoirí Baincéireachta a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup>,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

### **Na cineálacha fachtóirí atá le cur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na n-ualaí priacail maidir le risíochtaí a urraítear le maoin dhochorraithe**

1. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar oiriúnacht na n-ualaí priacail dá dtagraítear in Airteagal 124(2), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, cinnfidh na húdaráis arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 124(1a) den Rialachán sin na nithe uile seo a leanas:

(a) an taithí chaillteanais mar chóimheas na nithe seo a leanas:

- (i) i gcás risíochtaí a urraítear le morgáistí ar mhaoín chónaithe dá dtagraítear in Airteagal 124(2), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, na cailteanais a thuairiscítear i gcomhréir le hAirteagal 430a(1), pointe (a), den Rialachán sin agus luach na risíochta a thuairiscítear i gcomhréir le hAirteagal 430a(1), pointe (c), den Rialachán sin;

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

(ii) i gcás risíochtaí a urraítear le morgáistí ar mhaoin tráchtála dhochorraithe dá dtagraítear in Airteagal 124(2), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, na cailteanais a thuiriscítear i gcomhréir le hAirteagal 430a(1), pointe (d), den Rialachán sin agus luach na risíochta a thuiriscítear i gcomhréir le hAirteagal 430a(1), pointe (f), den Rialachán sin;

(b) an cailteanas ionchasach mar an meastachán is fearr ar chaillteanais atá le réadú le linn tréimhse réamhbhreathnaitheach aon bhliana amháin ar a laghad agus, má chinneann an t-údarás sin amhlaidh, suas le trí bliana.

Chun críocha pointe (b), cinnfear an cailteanas ionchasach mar mheán na gcaillteanais measta do gach bliain le linn na tréimhse réamhbhreathnaithe roghnaithe.

2. Cinnfidh na húdaráis arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 124(1a) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 an cailteanas ionchasach dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), ar cheann de na bealaí seo a leanas:

(a) tríd an taithí chaillteanais dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), a choigeartú suas nó síos;

(b) tríd an taithí chaillteanais a choiméad mar an gcéanna.

Agus an cailteanas ionchasach dá dtagraítear i mír 1, pointe (b) á chinneadh, léireoidh na húdaráis na forbairtí réamhbhreathnaitheacha sa mhargadh maoin dochorraithe dá dtagraítear in Airteagal 124(2), an chéad fhomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 le linn tréimhse réamhbhreathnaitheach aon bhliana amháin ar a laghad agus, má chinneann an t-údarás sin amhlaidh, suas le trí bliana.

3. Beidh an cailteanas ionchasach dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), agus a chinntear i gcomhréir le mír 2, bunaithe ar gach ceann de na nithe seo a leanas:

(a) forbairt stairiúil agus saintréithe timthriallacha mhargadh na maoin dochorraithe mar a léirítear in idirbhearta agus i bpraghsanna an mhargaidh maoin dochorraithe, agus i luaineacht na bpraghsanna sin, mar a léirítear leis na táscairí sonraí ábhartha nó leis an bhfaisnéis cháilíochtúil ábhartha;

(b) saintréithe struchtúracha mhargadh na maoin dochorraithe san am atá caite agus san am i láthair, agus forbairt na saintréithe struchtúracha sin amach anseo, ar saintréithe iad a bhaineann le méid an mhargaidh maoin dochorraithe, sainiúlachtaí mhaoiniú na réadmhaoin, córais chánachais náisiúnta agus na forálacha rialála náisiúnta maidir le maoin dochorraithe a cheannach, a shealbhú nó a ligean ar cíos;

(c) na príomhthosca a chothaíonn éileamh agus soláthar sa mhargadh maoin dochorraithe, mar a léirítear le haon táscaire sonraí ábhartha nó faisnéis cháilíochtúil, lena n-áirítear caighdeáin iasachtaithe, gníomhaíocht tógála, rátaí folúntas, nó gníomhaíocht maidir le hidirbhearta;

(d) riosca na risíochtaí a urraítear le maoin dochorraithe, arna thomhas le gach ceann de na nithe seo a leanas:

(i) táscairí atá ábhartha do dheighleoga maoin an Bhallstáit agus, i gcás inarb ábhartha, do chodanna de chríoch an Bhallstáit sin, ag féachaint do Roinn 6 de Threoirlínte ÚBE maidir le fothacair risíochtaí i gcur i bhfeidhm an Mhaoláin maidir le Priacal Sistéamach <sup>(?)</sup>, arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 133(6) de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(\*)</sup>;

(ii) na táscairí caighdeánacha iasachtaithe a shonraítear sa mholadh ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach maidir le bearnaí i sonraí eastáit réadaigh <sup>(?)</sup>;

(e) an fhorbairt a bhfuil coinne léi i bpraghsanna an mhargaidh maoin dochorraithe agus an luaineacht a bhfuil coinne léi sna praghsanna sin, lena n-áirítear measúnú ar an éiginnteacht maidir leis na hionchais sin;

<sup>(?)</sup> Treoirlínte críochnaitheacha maidir leis na fothacair iomchuí de risíochtaí earnála a bhféadfaidh údaráis inniúla nó ainmnithe maolán maidir le priacal sistéamach a chur i bhfeidhm ina leith i gcomhréir le hAirteagal 133(5)(f) de Threoir 2013/36/AE (EBA/GL/2020/13).

<sup>(\*)</sup> Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aighairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

<sup>(?)</sup> Moladh ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 21 Márta 2019 lena leasaítear Moladh BERS/2016/14 maidir le bearnaí i sonraí eastáit réadaigh a dhúnadh (BERS/2019/3) (IO C 271, 13.8.2019, lch. 1).

- (f) an fhorbairt a bhfuil coinne léi i bpríomhathróa fóinteacha maicreacnamaíocha a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do shócmhainneacht iasachtaithe, lena n-áirítear measúnú ar an éiginnteacht maidir leis na hionchais sin;
- (g) an tréimhse ama ina bhfuil coinne leis go dtiocfaidh forbairtí réamhbhreathnaitheacha chun cinn sa mhargadh maoinne;
- (h) sainiúlachtaí náisiúnta a bhaineann go heisiach leis an margadh réadmhaoine agus le maoiniú an mhargaidh sin, lena n-áirítear scéimeanna ráthaíochta poiblí agus príobháideacha, in-asbhainteacht cánach, agus tacaíocht phoiblí i bhfoirm córas iontaofa agus bearta sábháilteachta sóisialta;
- (i) aon táscaire eile sonraí agus aon fhoinse eile sonraí a thugann léargas ar fhorbairtí réamhbhreathnaitheacha sa mhargadh maoinne a dhéanann difear don chaillteanas ionchasach dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), nó a thacaíonn le cáilíocht sonraí na taithí caillteanais dá dtagraítear i mír 1, pointe (a).

4. I gcás ina bhfuil go leor éiginnteachta ann maidir leis na tosca dá dtagraítear i mír 3, pointe (e), déanfaidh na húdaráis arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 124 (1a) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 corrlach stuamachta a mheas agus an caillteanas ionchasach á chinneadh i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo.

5. Chun críocha mhír 1, tabharfaidh na húdaráis arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 124 (1a) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 aird ar bhearta macrastuamachta eile atá i bhfeidhm lena dtugtar aghaidh cheana féin ar na phriacail shistéamacha shainaitheanta a dhéanann difear d'oiriúnacht na n-ualaí priacail dá dtagraítear in Airteagal 124(2), an chéad fhomhír, den Rialachán sin, lena n-áirítear na bearta seo a leanas sa dlí náisiúnta atá ceaptha chun athléimneacht an chórais airgeadais a fheabhsú:

- (a) teorainneacha iasachta/luacha;
- (b) teorainneacha fiachais/ioncain;
- (c) teorainneacha fiach-sheirbhíse/ioncain;
- (d) ionstraimí eile lena dtugtar aghaidh ar chaighdeán iasachtaithe.

#### *Airteagal 2*

### **Coinníollacha atá le cur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na luachanna íosta LGD le haghaidh risíochtaí a urraítear le maoin dhochorraithe**

1. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar oiriúnacht na luachanna íosta LGD i gcomhréir le hAirteagal 164(6) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, déanfaidh na húdaráis arna n-ainmniú i gcomhréir le mír 5 den Airteagal sin, agus an measúnú ar phriacail sistéamach á dhéanamh acu ar bhonn míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a dhéanann difear do mheastacháin LGD lasmuigh den timthriall eacnamaíoch, aird a thabhairt ar na coinníollacha uile seo a leanas:

- (a) coinníollacha éilimh agus soláthair sna margaí réadmhaoine, agus dinimic i bpraghsanna réadmhaoine, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha agus i gcás ina bhfuil meastachán láidir ar fáil, an leibhéal róluachála nó tearcluachála ar phraghsanna réadmhaoine;
- (b) coinníollacha a dhéanann difear do na tosca lena gcinntear meastacháin LGD, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha:
  - (i) athruithe ar fhad agus ar éifeachtacht an phróisis chun aisghabhálacha a shaothrú, i ngeall ar athruithe ar na nósanna imeachta aisghabhála;
  - (ii) athruithe ar a mhíne a fhilleann féichiúnaithe nó saoráidí creidmheasa aonair ar stádas neamh-mhainneachtana, i ngeall ar athruithe ar rátaí dífhostaíochta, nó athruithe ar leibhéal fiachais teaghlaigh nó ar leibhéal fiachais chorparáidigh;
  - (iii) rátaí úis;
- (c) coinníollacha eile a dhéanann difear ar bhealach indíreach do luach na comhthaobhachta a chuirtear san áireamh i meastacháin LGD, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, cóimheasa iasachta/luacha, tras-chomhthaobhú, agus foirmeacha coiteanna eile cosanta creidmheasa a bhaineann le risíochtaí ar mhíondíol a urraítear le maoin dhochorraithe sa Bhallstát lena mbaineann.

2. Chun críocha mhír 1, tabharfaidh na húdaráis arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 164(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 aird ar gach ceann de na nithe seo a leanas:

- (a) cé acu a bhaineann nó nach mbaineann na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha le cor chun donais eacnamaíoch agus, dá bhrí sin, cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear san áireamh iad sa mheastachán LGD maidir le cor chun donais le haghaidh na risíochtaí lena mbaineann;

- (b) bearta macrastuamachta eile atá i bhfeidhm cheana féin lena dtugtar aghaidh ar na priacail shistéamacha shainaitheanta a dhéanann difear do leormhaitheas luachanna íosta LGD, lena n-áirítear na bearta seo a leanas sa dlí náisiúnta atá ceaptha chun athléimneacht an chórais airgeadais a fheabhsú:
- (i) teorainneacha iasachta/luacha
  - (ii) teorainneacha fiachais/ioncaim;
  - (iii) teorainneacha fiach-sheirbhíse/ioncaim;
  - (iv) ionstraimí eile lena dtugtar aghaidh ar chaighdeán iasachtaithe;
- (c) leibhéal na héiginnteachta maidir le forbairt sna margaí maoinne dochorraithe agus maidir le luaineacht praghsanna sna margaí sin;
- (d) sainiúlachtaí náisiúnta a bhaineann go heisiach leis an margadh réadmhaoine agus le maoiniú an mhargaidh sin, lena n-áirítear scéimeanna ráthaíochta poiblí agus príobháideacha, in-asbhainteacht cánach, agus tacaíocht phoiblí i bhfoirm córas iontaofa agus bearta sábháilteachta sóisialta;
- (e) i gcás inarb ábhartha agus ina bhfuil an fhaisnéis ar fáil, comparáidí tagarmharcála ar mheastacháin LGD thar institiúidí creidmheasa nó ó Bhallstát go chéile le haghaidh punanna inchomparáide, leibhéal priacail inchomparáide agus saoráidí inchomparáide a urraítear le maoin dhochorraithe atá geallta mar chomhthaobhacht.

#### *Airteagal 3*

#### **Measúnuithe ar dheighleoga maoinne nó ar chodanna sonracha de chríoch Ballstáit**

Féadfaidh údarás arna ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 124(1a) nó le hAirteagal 164(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 na tosca a leagtar amach in Airteagal 1 den Rialachán seo a mheas, nó na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 2 den Rialachán seo a chur san áireamh, maidir le deighleog mhaoine amháin nó níos mó nó maidir le cuid amháin nó níos mó de chríoch Ballstáit.

#### *Airteagal 4*

#### **Foinsí eile sonraí a úsáid**

Údaráis arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 124 (1a) nó Airteagal 164(5), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 lena gcinntear an taithí chailteanais i gcomhréir le hAirteagal 1(1), pointe (a), den Rialachán seo, nó a dhéanann measúnú ar oiriúnacht na luachanna íosta LGD i gcomhréir le hAirteagal 2 den Rialachán seo maidir le deighleog mhaoine nó cuid de chríoch Ballstáit, féadfaidh siad úsáid a bhaint as foinsí eile sonraí, lena n-áirítear tuairisciú náisiúnta *ad hoc* agus cláir chreidmheasa a bhaineann leis an deighleog nó leis an gcríoch sin, ar choinníoll nach bhfuil na sonraí a bhailítear i gcomhréir le hAirteagal 430(1), pointe (a), agus Airteagal 430a, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 mionsonraithe go leor.

#### *Airteagal 5*

#### **Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Deireadh Fómhair 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/207 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 24 Samhain 2022**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le samhail an deimhnithe lena bhfianaítear comhlíonadh na rialacha maidir le táirgeadh orgánach**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 <sup>(1)</sup> ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 35(9) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) In Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 leagtar amach samhail an deimhnithe atá le heisiúint d'aon oibreoir nó do ghrúpa oibreoirí a thug fógra faoina ghníomhaíocht d'údaráis inniúla an Bhallstáit ina ndéantar an ghníomhaíocht agus a chomhlíonann an Rialachán sin. Tá an deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 35(1) de Rialachán (AE) 2018/848 ar fáil i bhfoirm leictreonach, trí úsáid a bhaint as an gCóras leictreonach um Rialú Trádála agus um Shaineolaithe (TRACES). Leis an bhforbairt theicniúil in TRACES, is féidir an deimhniú a shíniú go digiteach le ríomhshéala cáilithe. Is iomchuí, dá bhrí sin, tagairt don ríomhshéala cáilithe a chur isteach sa chuid chomhfhreagrach den deimhniú.
- (2) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2018/848 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Samhain 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

<sup>(1)</sup> IO L 150, 14.6.2018, lch. 1.



## IARSCRÍBHINN

## "IARSCRÍBHINN VI

## SAMHAIL AN DEIMHNITHE

**Deimhniú de bhun Airteagal 35(1) de Rialachán (AE) 2018/848 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha**Cuid I: **Eilimintí éigeantacha**

1. Uimhir an doiciméid	2. (roghnaigh de réir mar is iomchuí) — An tOibreoir — Grúpa oibreoirí – féach pointe 9
3. Ainm agus seoladh an oibreora nó an ghrúpa oibreoirí:	4. Ainm agus seoladh údarás inniúil, nó, i gcás inarb iomchuí, údarás rialaithe nó chomhlacht rialaithe an oibreora nó an ghrúpa oibreoirí agus an chóduimhir más údarás rialaithe nó comhlacht rialaithe atá i gceist:
5. Gníomhaíocht nó gníomhaíochtaí an oibreora nó an ghrúpa oibreoirí (roghnaigh de réir mar is iomchuí)	
— Táirgeadh	
— Ullmhúchán	
— Dáileadh/Cur ar an margadh	
— Stóráil	
— Allmhairiú	
— Onnmhairiú	
6. Catagóir nó catagóirí na dtáirgí dá dtagraítear in Airteagal 35(7) de Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup> agus modhanna táirgthe (roghnaigh de réir mar is iomchuí)	
(a) plandaí neamhphróiseáilte agus táirgí plandaí, lena n-áirítear síolta agus ábhar eile atáirgthe plandaí An modh táirgthe:	
<input type="checkbox"/> táirgeadh orgánach seachas le linn na tréimhse tiontaithe	
<input type="checkbox"/> táirgeadh le linn na tréimhse tiontaithe	
<input type="checkbox"/> táirgeadh orgánach le táirgeadh neamhorgánach	
(b) beostoc agus táirgí beostoic neamhphróiseáilte An modh táirgthe:	
<input type="checkbox"/> táirgeadh orgánach seachas le linn na tréimhse tiontaithe	
<input type="checkbox"/> táirgeadh le linn na tréimhse tiontaithe	
<input type="checkbox"/> táirgeadh orgánach le táirgeadh neamhorgánach	
(c) algaí agus táirgí do Bharshaothraithe neamhphróiseáilte An modh táirgthe:	
<input type="checkbox"/> táirgeadh orgánach seachas le linn na tréimhse tiontaithe	
<input type="checkbox"/> táirgeadh le linn na tréimhse tiontaithe	
<input type="checkbox"/> táirgeadh orgánach le táirgeadh neamhorgánach	
(d) táirgí talmhaíochta próiseáilte, lena n-áirítear táirgí do Bharshaothraithe, a úsáidtear mar bhia An modh táirgthe:	
<input type="checkbox"/> táirgeadh táirgí orgánacha	
<input type="checkbox"/> táirgeadh táirgí atá á dtiontú	
<input type="checkbox"/> táirgeadh orgánach le táirgeadh neamhorgánach	

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1).

(e) beatha

An modh táirgthe:

- táirgeadh táirgí orgánacha  
 táirgeadh táirgí atá á dtiontú  
 táirgeadh orgánach le táirgeadh neamhorgánach

(f) fion

An modh táirgthe:

- táirgeadh táirgí orgánacha  
 táirgeadh táirgí atá á dtiontú  
 táirgeadh orgánach le táirgeadh neamhorgánach

(g) táirgí eile a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 nó nach gcumhdaítear leis na catagóirí roimhe seo

An modh táirgthe:

- táirgeadh táirgí orgánacha  
 táirgeadh táirgí atá á dtiontú  
 táirgeadh orgánach le táirgeadh neamhorgánach

Eisíodh an doiciméad seo i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/848 chun a dheimhniú go gcomhlíonann an t-oibreoir nó an grúpa oibreoirí (roghnaigh de réir mar is iomchuí) an Rialachán sin.

7. Dáta, áit

Ainm agus síniú thar ceann an údaráis inniúil eisiúna, nó, i gcás inarb iomchuí, thar ceann an údaráis rialaithe nó an chomhlachta rialaithe, nó ríomhshéala cáilithe:

8. Deimhniú bailí ó ..... [cuir isteach an dáta] go dtí ..... [cuir isteach an dáta]

9. Liosta de bhaill an ghrúpa oibreoirí mar a shainítear in Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2018/848

Ainm an bhaill	Seoladh nó modh eile chun ball a shainaitheint

Cuid II: **Eilimintí roghnacha sonracha**

Eilimint amháin nó níos mó atá le líonadh isteach má chinneann an t-údarás inniúil é nó, i gcás inarb iomchuí, an t-údarás rialaithe nó an comhlacht rialaithe a eisíonn an deimhniú don oibreoir nó don ghrúpa oibreoirí i gcomhréir le hAirteagal 35 de Rialachán (AE) 2018/848.

1. Eolaire táirgí

Ainm an táirge agus/nó an cód Ainmníochta Comhcheangailte (AC) dá dtagraítear i Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 <sup>(1)</sup> ón gComhairle le haghaidh táirgí a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2018/848	<input type="checkbox"/> Orgánach <input type="checkbox"/> Atá á thiontú

<sup>(1)</sup> Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 faoin ainmníocht taraife agus staitistiúil agus faoin Taraif Chustaim Choiteann (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

## 2. Cainníocht na dtáirgí

Ainm an táirge agus/nó cód AC dá dtagraítear i Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 le haghaidh táirgí a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2018/848	<input type="checkbox"/> Orgánach <input type="checkbox"/> Atá á thiontú	Cainníocht arna meas i gcileagram, i lítir nó, i gcás inarb ábhartha, i líon na n-aonad

## 3. Faisnéis maidir leis an talamh

Ainm an táirge	<input type="checkbox"/> Orgánach <input type="checkbox"/> Atá á thiontú <input type="checkbox"/> Neamhorgánach	Dromchla i heicteáir

## 4. Liosta áitreabh nó aonad ina ndéanann an t-oibreoir nó an grúpa oibreoirí an ghníomhaíocht

Seoladh nó geoshuíomh	Tuairisc ar an ngníomhaíocht nó ar na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe 5 de chuid I

## 5. Faisnéis maidir leis an ngníomhaíocht nó leis na gníomhaíochtaí a dhéanann an t-oibreoir nó an grúpa oibreoirí agus cé acu an ndéanann sé an ghníomhaíocht nó na gníomhaíochtaí ar a shon féin nó mar fhochonraitheoir a dhéanann an ghníomhaíocht nó na gníomhaíochtaí d'oibreoir eile, fad agus a leanann an fochonraitheoir de bheith freagrach as an ngníomhaíocht nó na gníomhaíochtaí a dhéantar

Tuairisc ar an ngníomhaíocht nó ar na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe 5 de chuid I	<input type="checkbox"/> Gníomhaíocht/gníomhaíochtaí a dhéanann an t-oibreoir nó an grúpa oibreoirí ar a shon féin <input type="checkbox"/> Gníomhaíocht/gníomhaíochtaí a dhéantar mar fochonraitheoir d'oibreoir eile, fad agus a leanann an fochonraitheoir de bheith freagrach as an ngníomhaíocht nó as na gníomhaíochtaí a dhéantar

6. Faisnéis maidir leis an ngníomhaíocht nó leis na gníomhaíochtaí a rinne an tríú páirtí ar fochonradh i gcomhréir le hAirteagal 34(3) de Rialachán (AE) 2018/848

Tuirisc ar an ngníomhaíocht nó ar na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe 5 de chuid I	<input type="checkbox"/> Leanann an t-oibreoir nó an grúpa oibreoirí de bheith freagrach <input type="checkbox"/> Is é an tríú páirtí ar fochonradh atá freagrach

7. Liosta na bhfochonraitheoirí a dhéanann gníomhaíocht nó gníomhaíochtaí don oibreoir nó don ghrúpa oibreoirí i gcomhréir le hAirteagal 34(3) de Rialachán (AE) 2018/848, gníomhaíochtaí a leanann an t-oibreoir nó an grúpa oibreoirí de bheith freagrach astu a mhéid a bhaineann le táirgeadh orgánach agus nár aistrigh sé an fhreagracht sin ina leith chuig an bhfochonraitheoir

Ainm agus seoladh	Tuirisc ar an ngníomhaíocht nó ar na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe 5 de chuid I

8. Faisnéis maidir le creidiúnú an chomhlachta rialaithe i gcomhréir le hAirteagal 40(3) de Rialachán (AE) 2018/848  
 (a) ainm an chomhlachta creidiúnaithe;  
 (b) hipearnasc chuig deimhniú an chreidiúnaithe.
9. Faisnéis eile“

---



---

**RIALACHÁN (AE) 2023/208 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 27 Eanáir 2023**

**lena mbunaítear iamh iascaigh le haghaidh ghliomaigh na hIorua in Aonad feidhmiúil 16 d'fholimistéar 7 ICES le haghaidh soithí a bhfuil bratach na hÉireann ar foluain acu**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 36(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle <sup>(2)</sup> cuótaí le haghaidh 2022.
- (2) De réir na faisnéise a fuair an Coimisiún, tá an cuóta a cionroinneadh le haghaidh 2022 ídithe ag gabhála stoc ghliomaigh na hIorua in Aonad feidhmiúil 16 d'fholimistéar 7 ICES ag soithí a bhfuil bratach na hÉireann ar foluain acu nó atá cláraithe in Éirinn.
- (3) Is gá, dá bhrí sin, toirmeasc a chur ar ghníomhaíochtaí áirithe iascaireachta a bhaineann leis an stoc sin.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ídiú cuótaí**

Maidir leis an gcuóta iascaireachta a cionroinneadh ar Éirinn le haghaidh stoc ghliomaigh na hIorua in Aonad feidhmiúil 16 d'fholimistéar 7 ICES le haghaidh 2022 dá dtagraítear san Iarscríbhinn, measfar é a bheith ídithe ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 2*

**Toirmisc**

1. Cuirfear toirmeasc, ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn, ar an stoc sin a iascach dá dtagraítear in Airteagal 1 ag soithí a bhfuil bratach na hÉireann ar foluain acu nó atá cláraithe in Éirinn. Beidh toirmeasc go háirithe ar iasc a lorg agus ar threalamh iascaireachta a chur ar uisce, a úsáid nó a tharraingt chun iascaireacht a dhéanamh ar an stoc sin.
2. Maidir le héisc agus táirgí iascaigh ón stoc sin a ghabh na soithí sin a thrasloingsiú, a choinneáil ar bord, a phróiseáil ar bord, a aistriú, a chur i gcaighean, a ramhrú agus a thabhairt i dtír, leanfaidh an méid sin de bheith údaraithe le haghaidh gabhála a tógadh roimh an dáta sin.
3. Maidir le gabhála neamhbheartaithe speiceas ón stoc sin a ghabhann na soithí sin, tabharfar ar bord na soithí iascaireachta agus coinneofar ar bord iad, déanfar iad a thaifeadadh, a thabhairt i dtír agus a chomhairleamh i gcoinne cuótaí i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup>.

<sup>(1)</sup> IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle an 27 Eanáir 2022 lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 21, 31.1.2022, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

*Airteagal 3***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Eanáir 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin,  
Ar son an Uachtaráin,  
Virginijus SINKEVIČIUS  
Comhalta den Choimisiún*

---

## IARSCRÍBHINN

Uimh.	15TQ109
an Ballstát	Éire
Stoc	NEP/*07U16
Speiceas	Gliomach na hIorua ( <i>Nephrops norvegicus</i> )
Limistéar	Aonad Feidhmiúil 16 d'fholimistéar 7 ICES
Dáta an iaimh	14.12.2022

**RIALACHÁN (AE) 2023/209 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 27 Eanáir 2023**

**lena mbunaítear iamd iascaigh le haghaidh sciataí agus roc i limistéar 7d i gcás soithí a bhfuil bratach na Beilge ar foluain acu**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 36(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle <sup>(2)</sup> cuótaí le haghaidh 2022.
- (2) De réir na faisnéise a fuair an Coimisiún, tá an cuóta a cionroinneadh le haghaidh 2022 ídithe ag gabhála an stoic sciataí agus roc i limistéar 7d ag soithí a bhfuil bratach na Beilge ar foluain acu nó atá cláraithe sa Bheilg.
- (3) Is gá, dá bhrí sin, toirmeasc a chur ar ghníomhaíochtaí áirithe iascaireachta a bhaineann leis an stoc sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ídiú cuótaí**

Maidir leis an gcuóta iascaireachta a cionroinneadh ar an mBeilg le haghaidh an stoic sciataí agus roc i limistéar 7d le haghaidh 2022 dá dtagraítear san Iarscríbhinn, measfar é a bheith ídithe ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 2*

**Toirmisc**

Cuirfear toirmeasc, ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn, ar ghníomhaíochtaí iascaireachta a bhaineann leis an stoc dá dtagraítear in Airteagal 1 ag soithí a bhfuil bratach na Beilge ar foluain acu nó atá cláraithe sa Bheilg. Go sonrach, beidh toirmeasc ar éisc, ón stoc sin a ghabh na soithí sin, a choinneáil ar bord, a athlonnú, a thrasloingsiú, nó a thabhairt i dtír tar éis an dáta sin.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

<sup>(1)</sup> IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle an 27 Eanáir 2022 lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 21, 31.1.2022, lch. 1).



Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Eanáir 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin,  
Ar son an Uachtaráin,  
Virginijus SINKEVIČIUS  
Comhalta den Choimisiún*

---

## IARSCRÍBHINN

Uimh.	14TQ109
an Ballstát	an Bheilg
Stoc	SRX/07D. (lena n-áirítear coinníollacha speisialta: RJC/*2AC4C, RJC/*67AKD, RJC/07D., RJE/07D., RJH/*04-C., RJH/*67AKD, RJH/07D., RJM/*2AC4C, RJM/*67AKD, RJM/07D., RJN/*2AC4C, RJN/*67AKD, RJN/07D., SRX/*2AC4C agus SRX/*67AKD)
Speiceas	An sciata agus an roc ( <i>Rajiformes</i> )
Limistéar	7d
Dáta an iaimh	13.12.2022

**RIALACHÁN (AE) 2023/210 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 27 Eanáir 2023**

**lena mbunaítear iamh iascaigh le haghaidh trosc in uiscí na hIorua in 1 agus 2 i gcás soithí faoi bhratach Bhallstáit den Aontas Eorpach**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 36(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle <sup>(2)</sup> cuótaí le haghaidh 2022.
- (2) De réir na faisnéise a fuair an Coimisiún, tá an cuóta a cionroinneadh le haghaidh 2022 ídithe ag gabhála an stoic trosc in uiscí na hIorua in 1 agus 2 a rinne soithí faoi bhratach Bhallstáit den Aontas Eorpach nó soithí atá cláraithe i mBallstát den Aontas Eorpach.
- (3) Is gá, dá bhrí sin, toirmeasc a chur ar ghníomhaíochtaí áirithe iascaireachta a bhaineann leis an stoc sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ídiú cuótaí**

Maidir leis an gcuóta iascaireachta a cionroinneadh le haghaidh 2022 ar Bhallstáit an Aontais Eorpaigh i gcomhair an stoic trosc in uiscí na hIorua in 1 agus 2, dá dtagraítear san Iarscríbhinn, measfar é a bheith ídithe ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 2*

**Toirmisc**

Cuirfear toirmeasc, ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn, ar ghníomhaíochtaí iascaireachta a bhaineann leis an stoc sin dá dtagraítear in Airteagal 1 ag soithí faoi bhratach Bhallstáit den Aontas Eorpach nó atá cláraithe i mBallstát den Aontas Eorpach. Go sonrach, beidh toirmeasc ar éisc ón stoc sin a ghabh na soithí sin a choinneáil ar bord, a athlonnú, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír tar éis an dáta sin.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

<sup>(1)</sup> IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle an 27 Eanáir 2022 lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 21, 31.1.2022, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Eanáir 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin,*  
*Ar son an Uachtaráin,*  
Virginijus SINKEVIČIUS  
*Comhalta den Choimisiún*

---

## IARSCRÍBHINN

Uimh.	16/TQ109
an Ballstát	An tAontas Eorpach (na Ballstáit uile)
Stoc	COD/1N2AB.
Speiceas	An trosc ( <i>Gadus Morhua</i> )
Limistéar	Uisce na hIorua in 1 agus 2
Dáta an iaimh	21.12.2022

# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2023/211 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Eanáir 2023

### Iena gceaptar beirt chomhaltaí mhalartacha, arna moladh ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún <sup>(1)</sup>,

Ag féachaint don togra ó rialtas na Gearmáine,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla agus sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.
- (2) An 10 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/2157 <sup>(2)</sup>, lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025.
- (3) Tá suíocháin bheirt chomhaltaí mhalartacha ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Katy HOFFMEISTER a cheapadh agus tar éis do Boris RHEIN éirí as oifig.
- (4) Mhol rialtas na Gearmáine na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Simone OLDENBURG, *Ministerin für Bildung und Kindertagesförderung, politische Verantwortung gegenüber dem Landtag Mecklenburg-Vorpommern* (Aire Oideachais agus Áiseanna Cúraim Lae do Leanaí, atá cuntasach go polaitiúil do Pharlaimint Stát Cónaidhme Mecklenburg-Vorpommern), agus Astrid WALLMANN, *Mitglied des Landtags, Hessischer Landtag* (Feisire de Pharlaimint Réigiúnach, Parlaimint Stát Cónaidhme Hesse),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

#### Airteagal 1

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025:

— Simone OLDENBURG, *Ministerin für Bildung und Kindertagesförderung, politische Verantwortung gegenüber dem Landtag Mecklenburg-Vorpommern* (Aire Oideachais agus Áiseanna Cúraim Lae do Leanaí, atá cuntasach go polaitiúil do Pharlaimint Stát Cónaidhme Mecklenburg-Vorpommern),

<sup>(1)</sup> IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

<sup>(2)</sup> Cinneadh (AE) 2019/2157 ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 327, 17.12.2019, lch. 78).

— Astrid WALLMANN, *Mitglied des Landtags, Hessischer Landtag* (Feisire de Pharlaimint Réigiúnach, Parlaimint Stát Cónaidhme Hesse).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Eanáir 2023.

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
J. BORRELL FONTELLES

---





ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)  
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)